# Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí

## PLEAN SEIRBHÍSE 2022

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Có-mhaoinithe ag an Aontas Eorpach
Co-funded by the European Union

## Bord BOO Chiarraí 2022

An Comhairleoir Aoife Thornton
An Comhairleoir Cathal Foley
An Comhairleoir Deirdre Ferris
An Comhairleoir Fionnán Fitzgerald
An Comhairleoir Jim Finucane (*An Cathaoirleach*)
An Comhairleoir Johnnie Wall
An Comhairleoir Marie Moloney
An Comhairleoir Maura Healy-Rae
An Comhairleoir Michael Cahill
An Comh. Niall O'Callaghan
An Comhairleoir Norma Moriarty
An Comhairleoir Terry O'Brien
Tara Donoghue, Uasal
An tUasal Niall Lucey
Celia O'Shea, Uasal
An tUasal Joseph Brennan
Joan McCrohan, Uasal
An tUasal John O'Roarke
Maria O'Gorman, Uasal
An tUasal Tim Daly
An tUasal Zaid Kassoob

## Coiste Feidhmiúcháin BOO Chiarraí 2022

An tUasal Colm Mac Gíolla Bhuí, *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*
Ann O'Dwyer, Uasal, *An Stiúrthóir Scoileanna, Óige agus Ceoil*
Maria Brennan, Uasal, *An Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta*
An tUasal Owen O'Donnell, *An Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna*

# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| **Teachtaireacht ón gCathaoirleach** | | 4 |
| **Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin** | | 5 |
| **1. Pobal BOO Chiarraí** | | 6 |
| | Misean agus Bunluachanna | 7 |
| | Struchtúr Eagraíochta | 8 |
| **2. Creat Feidhmíochta Straitéisí** | | 9 |
| | Ár Múnla Tuairiscithe | 10 |
| **3. Ráiteas ar Sheirbhísí** | | 11 |
| **4. Meastóireacht ar Sheirbhísí Neamhlárnacha – CL0003/2019** | | 22 |
| **5. Ráiteas Inghlacthachta Riosca BOO Chiarraí** | | 23 |
| ***Aguisín I*** | *Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018-2022* | *24* |
| ***Aguisín II*** | *Aguisín II Liosta Figiúirí agus Aguisíní* | *27* |
| ***Aguisín III*** | *Admhálacha agus Caiteachas Réamh-mheasta* | *28* |

# TEACHTAIREACHT ÓN gCathaoirleach

Mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí), tá mé bródúil Plean Seirbhíse 2022 a chur in bhur láthair, plean a théann i ngleic leis na seirbhísí a bheartaíonn an bord a sheachadadh in 2022 de réir ioncam agus caiteachas measta don bhliain.

Ó thosaigh COVID-19, bhí tionchar ag nádúr athraitheach na paindéime ar an dá bhliain atá imithe. Agus muid ag tabhairt plean seirbhíse na bliana seo chun críche, táimid dóchasach go bhfillimid ar sheachadadh seirbhísí oideachais agus oiliúna ag an leibhéal 'réamh-phaindéime' in 2022.

Mar an plean seirbhíse deiridh a forbraíodh ón Ráiteas Straitéise 2018-2022, leagtar amach tosaíochtaí uaillmhianacha i bPlean Seirbhíse 2022 atá fréamhaithe i sprioc chomhpháirteach na bainistíochta chun timpeallacht teagaisc/oiliúna agus foghlama atá sábháilte a chothú dár bhfoireann, dár mic léinn agus dár bhfoghlaimeoirí. Sa bhreis ar a gcuid seirbhísí oideachais agus oiliúna reatha a sheachadadh in 2022, tá pleananna ag BOO Chiarraí iliomad tosaíochtaí a chur chun cinn, lena n-áirítear an múnla Pobalscoileanna Náisiúnta a leathnú amach sa chontae, Campas Choláiste Chiarraí i gCill Airne a fhorbairt agus an Ráiteas Straitéise (2023-2027) nua a thabhairt chun críche.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tsárobair atá déanta ag gach duine a bhí páirteach i bhforbairt phlean seirbhíse na bliana seo, go háirithe i dtréimhse ina raibh neamhchinnteacht gan fasach ann i gcomhthéacs na paindéime leanúnaí. In éineacht le mo chomhghleacaithe ar bhord BOO, tá mé ag tnúth le bheith ag obair le foireann oibre BOO Chiarraí sa bhliain amach romhainn chun na tosaíochtaí atá leagtha amach i bPlean Seirbhíse 2022 a sheachadadh.

**An Comhairleoir Jim Finucane**
**An Cathaoirleach**

# RÉAMHRÁ ÓN bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, tá ríméad orm Plean Seirbhíse BOO Chiarraí 2022 a chur i láthair i gcomhréir le hAlt 47 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tagann méadú ar obair BOO Chiarraí bliain ar bhliain trí sheachadadh a gcuid seirbhísí sna réimsí seo a leanas:

- Pobalscoileanna Náisiúnta
- Iar-Bhunscoileanna
- Breisoideachas agus Oiliúint
- Seirbhísí Óige
- Music Generation Kerry
- Rannóga Tacaíochta Chorparáideacha

I bhforbairt plean don bhliain seo, díríodh go príomha ar chothromaíocht a aimsiú idir aghaidh a thabhairt ar thionchar na paindéime agus na réimsí criticiúla atá le forbairt in 2022 a aithint. Tá Plean Seirbhíse 2022 bunaithe ar an riachtanas atá ag BOO Chiarraí a chinntiú go bhfuil an bealach a gcuireann siad a seirbhís oideachais agus oiliúna ar fáil ag athrú go síoraí. Beidh dúshláin amach romhainn, cosúil le nádúr athraitheach an tsaoil agus COVID-19. Déanfaimid cinnte, áfach, go mbainfear úsáid mhaith as na ceachtanna atá foghlamtha againn le dhá bhliain anuas.

Ó foilsíodh an Ráiteas Straitéise (2018-2022) reatha, tá go leor athraithe tarlaithe sa timpeallacht oideachais agus oiliúna: bunú na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, forbairt náisiúnta ar sholáthar Scoileanna Náisiúnta Phobail, athstruchtúrú ar sholáthar seirbhís don óige i gcomhréir leis an Luach ar Airgead agus an tAthbhreithniú Beartais do Chláir Óige agus cur chun cinn an chláir seirbhísí comhroinnte. I rith na tréimhse seo, d'éirigh le BOO Chiarraí freagairt do na hathruithe seo, agus ag an am céanna cinntiú gur cuireadh oideachas agus oiliúint d'ardchaighdeán a bhí dírithe ar an mac léinn/foghlaimeoir ar fáil.

Táimid ag tnúth le dul i mbun oibre lenár maoinitheoirí agus lenár bpáirtithe leasmhara d'fhonn leanúint d'fhorbairt sochaí foghlama ar feadh an tsaoil a chinntiú agus do gach gné don saol i gCiarraí, ag tairiscint comhionannas do chách.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le gach duine a bhí páirteach i bhforbairt Phlean Seirbhíse 2022. Tá an cur chuige foirne uilescéime atá treisithe ag bord atá tacúil agus spreagtha mar bhonn taca d'obair BOO Chiarraí.

*Ní neart go cur le chéile.*

**Colm McEvoy**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

# 1. Pobal BOO Chiarraí


Is é Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí (BOO Chiarraí) an soláthraí reachtúil do sheirbhísí oideachais agus oiliúna i gContae Chiarraí. Bunaíodh é ar an 1 Iúil 2013 de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO) 2013.

Mar chuid den acht, deineadh FÁS, an ghníomhaireacht náisiúnta a bhí freagrach as printíseachtaí agus cláir oiliúna eile ag an am, a chomhcheangal isteach leis na sé cinn déag de Bhoird Oideachais agus Oiliúna nua. D'aistrigh Ionad Oiliúna Thrá Lí chuig BOO Chiarraí go foirmiúil in Eanáir 2014.

Is struchtúr corparáide atá ag BOO Chiarraí atá comhdhéanta de Bhord atá ceaptha go daonlathach agus foireann bainistíochta (feidhmiúcháin). Eagraíocht is ea BOO Chiarraí atá casta agus scaipthe go geografach ina bhfuil 38 n-áitreabh ar fud an chontae ina gcuirtear oideachas bunleibhéil ar fáil i dtrí Phobalscoil Náisiúnta agus oideachas iar-bhunleibhéil ar fáil in ocht nIar-Bhunscoil.

Mar sholáthraí agus maoinitheoir tiomanta maidir le Seirbhísí Óige, déanann Feidhmeanna Forbartha Oibre Ógra BOO Chiarraí maoiniú a sheachadadh agus a riar go díreach do réimse leathan cláir cheoil agus chruthaitheacha do leanaí agus do dhaoine óga ar fud an chontae. Tá ceithre ionad Ógtheagmhála ag BOO Chiarraí.

Tá na seirbhísí ar fad a chuireann BOO Chiarraí ar fáil, curtha ar fáil ag leibhéal áitiúil, agus ag dul i ngleic le héileamh áitiúil.




*Figiúir 1: Léarscáil Gheografach BOO Chiarraí*

| Soláthar Seirbhíse[1] | Líon Rannpháirtithe |
|---|---|
| Leibhéal Bunscoile | 68 |
| Leibhéal Iar-bhunscoile | 2,681 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 9,512 |
| Ranganna Páirtaimseartha/ Ranganna Oíche[2] | 1,531 |
| **Soláthar Iomlán** | **13,792** |

[1]Tá na figiúirí cruinn de réir dhréachtráitis airgeadais bhliantúla 2020.
[2] Tá rannpháirtithe agus tairbhithe ó ranganna páirtaimseartha/ranganna oíche ionad oiliúna/ionaid FET (1,312) san áireamh i bhfigiúirí FET. Tá rannpháirtithe agus tairbhithe ranganna oíche scoileanna (219) san áireamh i bhfigiúirí na scoileanna agus na príomhoifige.

# Misean agus Bunluachanna


**Ár Misean**

Forbairt sochaí foghlama fad saoil i gCiarraí a fhorbairt agus a chur chun cinn, ionas go mbeidh rochtain ag cách a bhfuil cónaí orthu ann ar an oideachas agus ar an oiliúint a theastaíonn chun an cumas atá iontu a bhaint amach agus chun freastal ar a riachtanais phearsanta, shóisialta, chultúir, eacnamaíocha agus shibhialta.

**Ár Luachanna**

Tá ár mBunluachanna dírithe ar a chinntiú go bhfuil an ceart ag gach duine teacht ar dheiseanna oideachais agus oiliúna chun an cumas atá iontu a bhaint amach.

Tá sé mar aidhm againn na luachanna seo a chur i bhfeidhm ar bhonn gníomhach inár ngníomhaíochtaí agus iompraíochtaí.




*Figiúir 2: Bunluachanna BOO Chiarraí*


# Struchtúr Eagraíochta

Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin atá freagrach as bainistiú feidhmiúcháin BOO agus tá sé tacaithe ina ról ag triúir Stiúrthóirí, is iad sin:

- Stiúrthóir na Scoileanna, na hÓige agus an Cheoil
- Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna
- Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta

Léiríonn na trí ról Stiúrthóra seo na trí cholún seachadta seirbhísí de chuid BOO, agus tá údarás sannta go foirmiúil do gach ceann de na Stiúrthóirí ina nduine, de réir Alt 16 den Acht um Bord Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Léirítear sa chairt seo a leanas struchtúr eagraíochta ardleibhéil BOO Chiarraí:





*Figiúr 3: Struchtúr Eagraíochta*

# 2. Creat Feidhmíochta Straitéisí

I gcruthú agus i gcur chun cinn forbairt sochaí foghlama fad saoil i gCiarraí, tá sé mar aidhm ag BOO Chiarraí seirbhísí oideachais agus oiliúna comhsheasmhacha agus ardchaighdeáin a chur ar fáil ar fud Chiarraí. Oibrímid chun tacú leis an bpobal áitiúil agus tionchar dearfach a imirt air.

Cuireann Ráiteas Straitéise (2018 - 2022) BOO Chiarraí béim ar ár bpríomhchuspóirí (ciorcal gorm thíos) don tréimhse thuairiscithe 2018 – 2022 (tá liosta iomlán spriocanna agus cuspóirí leagtha amach in Aguisín I). Tugann na cuspóirí seo na príomhthosaíochtaí a aithníodh sa Chomhaontú Seachadta Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus BOO Chiarraí (ciorcal liath thíos) san áireamh. Mar sin, seo a leanas achoimre ar ár gcreat feidhmíochta straitéisí:




*Figiúr 4: Creat Tuairiscithe Straitéiseach*

Mar gurb é 2022 bliain deiridh na straitéise reatha, tá an próiseas chun an chéad phlean straitéise eile a fhorbairt agus a fhoilsiú le tosú le próiseas comhairliúcháin mhór le páirtithe leasmhara agus beidh sé treoraithe ag Alt 27 den Acht um Bord Oideachas agus Oiliúna 2013.

# Ár Múnla Tuairiscithe

Tá an Ráiteas Seirbhísí seo a leanas comhlánaithe agus tiomsaithe ag Ardbhainistíocht BOO le tacaíocht ó fhoireann na heagraíochta ar fad. Déanadh an próiseas a chomhlíonadh, mar is gnáth, faoi stiúir agus le cead Bhord BOO Chiarraí.

Aithníonn BOO Chiarraí go bhfuil sraith táscairí chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na heagraíochta ar cheann de na príomhrudaí criticiúla a chinnteoidh go gcuirfear an straitéis i bhfeidhm go héifeachtach. Forbraíodh teimpléid tuairiscithe chun cur ar chumas na heagraíochta an dul chun cinn ar fheidhmiú na Ráitis Straitéise a phleanáil, a thaifeadadh agus a fhoilsiú go bliantúil.

Tá gníomhaíochtaí/critéir intomhaiste ratha do gach cuspóir, atá aitheanta agus ailínithe leis na trí cholún. Bíonn Ceannasaí Tionscadal ceaptha freisin lena chinntiú go bhfuil na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí bainte amach. Tacaíonn na bearta sin leo seo a leanas:

- Tuairisciú éifeachtachta,
- Monatóireacht ar ionchur agus aschur,
- Monatóireacht ar thorthaí/spriocanna.

Déanann gach colún a ngníomhaíochtaí a ailíniú leis an bPlean Seirbhíse 2022 gach ráithe (ceithre huaire sa bhliain) trí Thuarascálacha Feidhmithe a chomhlánú. Cabhraíonn an cur chuige tuairiscithe seo le BOO Chiarraí monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le baint amach an Ráitis Straitéise ar bhealach níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Tugann na tuarascálacha feidhmiúcháin sonraí níos cuimsithí, níos bailí agus níos iontaofa dúinn ar ár seirbhísí i rith na bliana. Roinntear na meadarachtaí agus na torthaí feidhmíochta le páirtithe leasmhara ar mhaithe le pleanáil a fheabhsú agus le béim a chur ar luach an oideachais agus na hoiliúna i gCiarraí.

| **Tuarascáil Feidhmiúcháin Shamplach** | | | |
|---|---|---|---|
| **Sprioc 1 Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dhearbhaithe ar Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta** | | | |
| **Gníomhaíochtaí (Céard a dhéanfaimid)** | **Plean Seirbhíse 2021** | **Bainte Amach in 2020** | **Trácht** |
| **1**. Athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir agus na cúrsaí oideachais agus oiliúna a thairgimid faoi láthair chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus go bhfuil siad aitheanta ar leibhéal idirnáisiúnta. | | | |
| **2**. Leanúint lena chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta agus próisis atá cuí maidir le pleanáil scoile agus le féinmheastóireacht scoile i bhfeidhm i ngach ceann de na hiar-bhunscoileanna faoinár gcoimirce. | | | |
| **3**. Leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm éifeachtach an Chreata um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta d'Obair don Óige. | | | |
| **4**. A chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach ceann dár gcláir oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal. | | | |
| **5**. Leanúint ar aghaidh ag ullmhú ár scoileanna/ár gcoláistí/ár n-ionad le haghaidh cigireachtaí seachtracha, cuairteanna comhairleacha agus cuairteanna monatóireachta dearbhaithe cáilíochta agus a chinntiú go gcuirtear moltaí/torthaí na gcigireachtaí/na gcuairteanna sin i bhfeidhm go héifeachtach. | | | |

*Figiúr 5: Dréacht-Thuarascáil Feidhmiúcháin*

# 3. Ráiteas ar Sheirbhísí

De réir téarmaí an Chomhaontaithe Seachadta Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais (RO) agus BOO Chiarraí, aithníodh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo a leanas. Seo a leanas na gníomhaíochtaí sonracha chun na tosaíochtaí seo a bhaint amach, in éineacht leis na táscairí agus na spriocanna feidhmíochta a théann leo:

**SPRIOC: Barrfeabhais a chur ar thaithí an mhic léinn/an fhoghlaimeora**

| Tosaíocht | Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Cuspóir |
|---|---|---|---|
| Taithí dhearfach foghlama a chur ar fáil do gach mac léinn/foghlaimeoir, lena n-áirítear iad siúd ó ghrúpaí imeallaithe | Polasaí Oideachais don Lucht Siúil tosaithe;<br>Béim athnuaite ar naisc rollaithe/ straitéiseacha le bunscoileanna, go háirithe maidir le mic léinn RSO/Béarla mar Theanga Breise/DEIS. | Polasaí Oideachais don Lucht Siúil curtha i bhfeidhm. | Leanúnach |
| Tacú le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol mhíbhuntáiste oideachasúil de réir an pholasaí náisiúnta reatha | Tosú ag cur i bhfeidhm Dualgas na hEarnála Poiblí ar Chearta an Duine agus Comhionannas. | An tuarascáil measúnaithe tosaigh ar chearta an duine agus comhionannas a thabhairt chun críche agus tosaí ag cur na moltaí i bhfeidhm. | Leanúnach |
| A chinntiú go bhfuil na bearta cumhdaithe leanaí cuí uile i bhfeidhm de réir Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 | Plean Monatóireachta Cosanta Leanaí Inmheánach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. | Tiocfaidh an Coiste Maoirseachta Cosanta Leanaí le chéile faoi dhó sa mbliain le hathbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an doiciméadú cosanta leanaí: cuirfear oiliúint bhliantúil ar fáil;<br>Déanfar cuairt mhonatóireachta ar gach saoráid ábhartha: cuirfear tuarascálacha cigireachta chuig stiúrthóir an Choiste Maoirseachta. | Leanúnach |
| Cinntiú go bhfuil Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 á gcomhlíonadh go hiomlán | | | |

**SPRIOC: Cláir Chosanta**

| Tosaíocht | Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Cuspóir |
|---|---|---|---|
| Cabhrú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna de réir mar is gá chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as Clár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe agus ar sholáthar d'iarratasóirí cosanta idirnáisiúnta. | Leanúint ag tacú le hionchuimsitheacht do mhic léinn idirnáisiúnta. | Sceidealú a dhéanamh ar Mheasúnaithe Béarla mar Theanga Breise agus ar ranganna aistarraingthe chun freastal ar riachtanais na mic léinn;<br>Ceiliúradh ar chultúir éagsúla a bheith follasach sna saoráidí ar fad, sa churaclam agus ag ócáidí. | Leanúnach |

## SPRIOC: Rialachas

| Tosaíocht | Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Cuspóir |
|---|---|---|---|
| Rátaí freastail ar chruinnithe boird | Ba chóir do bhoird aonair béim a chur arís ar an riachtanas atá le freastal ar gach cruinniú boird de réir an Chód Cleachtais do Rialachas BOO (CL0002/2019) | Taifid tinrimh a choinneáil ar bhonn leanúnach. | Leanúnach |
| Féinmheasúnaithe Boird | Ba chóir do gach bord féinmheasúnaithe a dhéanamh ag baint úsáid as an gceistneoir atá le fáil i CL0002/2019 chun réimsí a dteastaíonn feabhas a chur orthu a aithint | Coinnítear taifid ar thuarascálacha féinmheasúnaithe comhlánaithe; Déanfaidh na Cathaoirligh díospóireacht chuiditheach ar na saincheisteanna a thagann aníos a threorú. | Q3 - Q4 |
| Saineolas airgeadais ar choistí iniúchadh agus airgeadais | Ba chóir ceapacháin chuig coistí iniúchadh agus airgeadais a bheith déanta ag an mbord i gcomhairle le cathaoirligh coistí. Ba chóir go dtabharfadh baill sheachtracha de choistí na scileanna iniúchadh agus airgeadais cuí agus taithí chuig an ról | Próiseas in áit chun baill Coiste Alt 45 nua a cheapadh - de réir CL0002/2019. | Leanúnach |
| Breithmheas an bhoird ar obair atá déanta ag Coistí Airgeadais, Iniúchadh agus Riosca (I&R) | Ba chóir do chathaoirleach gach bord a chinntiú go gcuirtear tuarascálacha scríofa ar an obair atá déanta ag coistí airgeadais agus I&R mar is gá faoin CL0002/2019 ar fáil do na comhaltaí boird | Cuirtear tuarascálacha scríofa ó gach cruinniú Coiste Alt 45 os comhair an chéad chruinniú boird eile. | Leanúnach |
| Féinmheasúnú ag Coistí Airgeadais agus I&R | Ba chóir do chathaoirligh an choiste I&R agus an choiste airgeadais araon a chinntiú go bhfuil an beart féinmheasúnaithe comhlánaithe go bliantúil mar atá riachtanach faoin CL0002/2019 | Coinnítear taifid ar thuarascálacha féinmheasúnaithe comhlánaithe; Déanfaidh na Cathaoirligh díospóireacht chuiditheach ar na saincheisteanna a thagann aníos a threorú. | Q3 - Q4 |
| Forbairt Foirne | Ba chóir don phríomhfheidhmeannach a chinntiú go bhfuil:<br>• ball foirne ceaptha mar bhainisteoir oiliúna[3] | Déan ball foirne a aithint chun obair go héifeachtúil idir na colúin | Leanúnach |
| | • go ndéanfar anailís ar riachtanais oiliúna i mbainistiú airgeadais ar bhonn bhliantúil<br>• go ndéanfar clár oiliúna ar bhainistiú airgeadais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | Caithfear dul i ngleic le riachtanais oiliúna i mbainistiú airgeadais ag gach leibhéal foirne i rith na bliana. | Leanúnach |
| Spriocdhátaí tuairisciú rannóige | Ba chóir cloí le spriocdhátaí tuairisciú atá leagtha síos ag an Rannóg | Gach spriocdháta tuairisciú curtha i gcrích. | Leanúnach |
| Polasaí Bainistithe Riosca | Ba chóir do gach bord BOO a chinntiú go bhfuil próiseas leanúnach ann chun aon rioscaí suntasacha a bhaineann le heintiteas a gcuid torthaí a bhaint amach a aithint agus dul i ngleic leo. Ba chóir don choiste iniúchadh agus riosca tacú leis an mbord sa ról seo | Forbairt agus cur i bhfeidhm leanúnach an Chreata agus an Pholasaí Bainistithe Riosca. Tuairisciú leanúnach chuig an gcoiste I&R agus an bord. | Leanúnach |
| Rialúcháin Inmheánacha | Ba chóir do Bhord gach BOO a chinntiú go bhfaigheann siad dearbhú sásúil go bhfuil na rialúcháin shonraithe ag feidhmiú mar is ceart | Déanfaidh an bord a chinntiú go bhfaigheann siad dearbhú sásúil go bhfuil na rialúcháin shonraithe ag feidhmiú mar is ceart. | Q1 - Leanúnach |

Sa bhreis ar na spriocanna agus ar na tosaíochtaí atá aontaithe go náisiúnta thuas, déanfar na tosaíochtaí straitéiseacha sonracha seo a leanas do BOO Chiarraí a thosú nó a sheachadadh i rith 2022 chun cur chun cinn an Ráitis Straitéise (2018-2022) a chinntiú.

**SPRIOC 1: Cláir atá Aitheanta agus ar Cháilíocht Dhearbhaithe ar Leibhéal Náisiúnta agus Idirnáisiúnta**

| Tosaíocht | Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Cuspóir |
|---|---|---|---|
| 1.1 | Cláir nua FET a fhorbairt | Printíseacht do Theicneoirí Cothabhála Tuirbíní Gaoithe Náisiúnta a sheoladh (beidh sé fhoghlaimeoir déag sa chéad iontógáil);<br>Athbhailíochtú a lorg don phrintíseacht Commis Chef. | Leanúnach |
| 1.2 | Leanúint lena chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta agus próisis atá cuí maidir le pleanáil scoile agus le féinmheastóireacht scoile i bhfeidhm i ngach ceann de na hiar-bhunscoileanna faoinár gcoimirce | Rolla ar fáil don bhainistíocht agus gach ceannasaí scoile. | Leanúnach |
| | Na hathbhreithnithe dearbhaithe caighdeáin leanúnacha do Music Generation Kerry a chur i gcrích | Athbhreithniú a dhéanamh ar phlean oibre Music Generation Kerry gach sé mhí;<br>Tuarascálacha staitistiúla a chur isteach go tráthúil chuig Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation. | Leanúnach |
| 1.3 | Tosú cur i bhfeidhm an tionscnaimh Straitéis Forbartha D'Obair Ógra de chuid BOO | An straitéis le seoladh go foirmiúil agus na gníomhaíochtaí le tosú; Comhairliúcháin le daoine óga agus le páirtithe leasmhara le déanamh go sábháilte. | Q2 - Leanúnach |
| 1.4 | A chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach ceann dár gcláir oideachais agus oiliúna | Plean Feabhsúcháin Caighdeáin (2022-2026) a fhorbairt bunaithe ar mholtaí ón Tuarascáil Athbhreithnithe Tionscnaimh QQI. Forbairt ar Lámhleabhar Dhearbhaithe Cáilíochta uileghabhálach faoi réir threoirlínte QQI do BOO a chur chun cinn; | Leanúnach |
| 1.5 | Polasaí agus Nós Imeachta Slánchumhdaithe Aosach a chur i bhfeidhm go héifeachtúil | An Coiste Maoirseachta um Chumhdach Aosaigh Soghonta le hathbhreithniú a dhéanamh faoi dhó sa mbliain ar chur i bhfeidhm doiciméadú do dhaoine soghonta; Cuirfear oiliúint maidir le Slánchumhdach Aosaigh Soghonta ar fáil; | Leanúnach |
| | Moltaí maidir le cur i bhfeidhm leanúnach Ábhar RO agus Meastóireacht-Bainistíocht an Scoil Uile agus Cigireachtaí Ceannasaíochta agus Foghlama | Plean/anna gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le dul i ngleic le moltaí cigireachta; Tuairiscí príomhoidí chuig boird bainistíochta. | Leanúnach |
| | Athbhreithnithe don Phlean Feabhsúchán Caighdeáin (2018-2022) agus d'fheidhm forbartha curaclaim a chur i gcrích | Tuarascálacha curtha chuig an gComhairle Caighdeáin le hathbhreithniú agus na moltaí curtha i bhfeidhm. | Leanúnach |
| | Tosú cur i bhfeidhm Creat Pátrúnachta an BOO | Comhordaitheoir agus foireann éiteas a bheith i bhfeidhm i ngach iar-bhunscoil; oiliúint le cur ar fáil; Caithfidh gach searmanas scoile a bheith il-sainchreidmheach; Caithfidh póstaeir bunluachanna a bheith i ngach seomra ranga/spásanna phoiblí. | Leanúnach |

[3] Tagraíonn seo don BOO a chinntiú go bhfuil freagracht fhoriomlán do mhaoirseacht agus feidhmiúchán oiliúna ar fud BOO sannta do bhall foirne atá ann cheana féin leis an gcuspóir go gcinnteofar go bhfuil cur chuige i leith cúrsaí oiliúna i ngach réimse feidhme atá straitéiseach, comhleanúnach agus éifeachtúil. Is féidir leis an gcineál sin ról a bheith nasctha isteach le struchtúir agus socruithe ar fud an BOO cheana féin agus ní gá gur ról lánaimseartha a bheadh ann. An príomhrud ná ball foirne a bheith ann chun freagracht agus maoirseacht fhoriomlán a ghlacadh don chlár oiliúna.

## SPRIOC 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán

| Tosaíocht | Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Cuspóir |
|---|---|---|---|
| 2.1 | Forbairt leanúnach ar Stór Acmhainní d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) | Réimse iomlán maidir le FGL curtha in iúl don fhoireann FET ar Microsoft Teams;<br>Ríomhiris FGL FET ag dul amach gach ráithe. | Leanúnach |
| 2.2 | Polasaí SEN Iar-Bhunscoile a thosú | Beartas RSO a thosú agus monatóireacht a dhéanamh air ar bhonn leanúnach. | Leanúnach |
| | Leanúint le cur i bhfeidhm an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim (UDL) do gach mac léinn le béim ar leith ar mhic léinn RSO/Béarla mar Theanga Bhreise | Seaimpíní UDL le bheith i bhfeidhm ar fud ár soláthar bunscoile agus iar-bhunscoile. Seaimpíní UDL le FGL do mhúinteoirí a thosú;<br>Scéim phíolótach FET UDL le bheith curtha i gcrích agus measúnú déanta air. Tosú ag forbairt Plean FET UDL. | Leanúnach |
| 2.3 | Forbairt ar Champas Chill Orglan Choláiste Chiarraí (OETC) | Forbairt ar sholáthar cúrsaí nua;<br>Cur Chun Cinn InbhuanaitheachtaTionscadal Fuinnimh Eis-Eangaí;<br>Cinntiú go bhfuil an campas curtha chun cinn mar lárionad barrfeabhais i soláthar oideachas agus oiliúint lasmuigh. | Leanúnach |
| | Gníomhaíocht fhisiciúil mhéadaithe agus aclaíocht a chur chun cinn | Síneadh a chur le rochtain foghlaimeoirí chuig Ionad Aclaíochta Choláiste Chiarraí ar bhonn céimnithe. | Leanúnach |
| 2.4 | Tús a chur leis an bpróiseas chun Plean Inbhuanaitheachta nua a fhorbairt | Plean Inbhuanaitheachta le bheith mar bhonn taca agus mar thacaíocht do sheachadadh an Ráitis Straitéise (2023-2027) nua.<br>An soláthar de thionscnaimh le béim ar inbhuanaitheacht a mhéadú. | Leanúnach |
| | Cuir chuige aisiríoch a chur chun cinn chun dul i ngleic le bainistiú iompraíochta i scoileanna | Oiliúint i gcleachtas aisiríoch curtha ar fáil do gach múinteoir agus leas-phríomhoide nua;<br>Scoileanna chun laethanta machnaimh a úsáid chun dul i ngleic le ceisteanna iompraíochta. | Leanúnach |
| 2.5 | An próiseas a thosú chun doiciméadú straitéis TFC a fhorbairt | Plean TFC le bheith mar bhonn taca agus mar thacaíocht do sheachadadh an Ráitis Straitéise (2023-2027) nua.<br>An comhairliúchán ar an bPlean Foghlama, Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) FET, a chur i gcrích. | Leanúnach |
| 2.6 | Leanúint le leabú glór an mhic léinn/ foghlaimeora ar fud na saoráidí | Tá Fóram na Mac Léinn 2022 BOO Chiarraí le tosaíocht a thabhairt d'athrú aeráide agus caidrimh agus oideachas gnéasachta;<br>Bíonn foghlaimeoirí páirteach ag leibhéal Boird Rialachais agus Comhairle Cáilíochta. | Leanúnach |
| 2.7 | Leanúint ag cur chun cinn cultúr ina ndéantar ceiliúradh ar éachtaí | Nuachtlitir 2022 le bheith foilsithe agus curtha ar fáil do na baill foirne, na tuismitheoirí/caomhnóirí, na mic léinn/foghlaimeoirí agus na páirtithe leasmhara ar fad;<br>Gradaim bhliantúil do na mic léinn le ceiliúradh a dhéanamh ar a gcuid éachtaí. | Leanúnach |
| 2.8 | Tuilleadh printíseachta a fhorbairt | Práinnfhreagairt do Phrintíseachta a bhunú (saoráidí agus acmhainní daonna);<br>Printíseachta Nua: Teicneoir Cothabhála do Thuirbíní Gaoithe, Cibearshlándáil, Forbairt Bogearraí. | Leanúnach |
| 2.9 | Leanúint le soláthar seirbhísí oideachais agus oiliúna d'ardchaighdeán i rith COVID-19 | Leanúint le scaipeadh bearta maolú riosca;<br>Tacaíochtaí TEL (foghlaim le cuidiú teicneolaíochta) leanúnacha ar fáil don fhoireann, do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí (FGL agus gléasanna). | Leanúnach |

| **SPRIOC 3: Freagairtí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna** | | | |
|---|---|---|---|
| **Tosaíocht** | **Gníomh** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Cuspóir** |
| 3.1/3.2 | Freagairt do riachtanais oideachasúla an déimeagrafaic áitiúil | Bealaí cumarsáide le fostóirí, grúpaí/eagraíochtaí ábhartha agus páirtithe leasmhara a chinntiú; Oibriú i dtreo pobalscoil áitiúil amháin eile ar a laghad a bhunú; Forbairt chaipitil leanúnach ar Choláiste Chiaraí; Oibriú i dtreo dhá Mhol Taibhithe nua a bhunú i gCiarraí Theas agus i gCiarraí Láir do rannpháirtithe Music Generation Kerry. | Leanúnach |
| | Freagairt go héifeachtach do riachtanais fhostóirí agus an gheilleagair trí réitigh nuálacha agus cruthaitheacha | Cur leis an gclár Scileanna Le Dul Chun Cinn a thuilleadh; Pleanáil chomhleanúnach agus seachadadh tionscnaimh a spreagadh. | Leanúnach |
| 3.3 | Leanúint ag tacú le hionchuimsitheacht do mhic léinn idirnáisiúnta | Cabhrú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna de réir mar is gá chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as Clár na hÉireann<br>um Chosaint Dídeanaithe agus ar sholáthar d'iarratasóirí cosanta idirnáisiúnta;<br>Ceiliúradh a dhéanamh ar chultúir éagsúla sna saoráidí, sa churaclam agus ag ócáidí. | Leanúnach |
| 3.4/3.6 | Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Choláiste den Todhchaí FET (treoirscéim Choláiste Chiarraí) | Oibriú i dtreo an séú campas de chuid Choláiste Chiarraí a bhunú i gCill. | Leanúnach |
| 3.5 | Leanúint le leabú uirlisí dhigiteacha sa teagasc agus sa bhfoghlaim | Tuilleadh forbairt a dhéanamh ar chumas dhigiteach na foirne, na mic léinn agus na bhfoghlaimeoirí. | Leanúnach |
| 3.7 | Leanúint le tionscnaimh a chur i bhfeidhm a théann i ngleic leis na dúshláin a bhíonn ag mic léinn atá ag aistriú ón mbunscoil go dtí an t-iar-bhunscoil | Turais scoile le bheith curtha ar fáil do pháistí bunscoile;<br>Béim athnuaite ar naisc rollaithe/straitéiseacha le bunscoileanna, go háirithe maidir le mic léinn RSO/ Béarla mar Theanga Breise/DEIS. | Leanúnach |
| 3.8 | Forbairt leanúnach na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach a chinntiú mar fhreagairt bunaithe ar chearta do riachtanais chruthaitheacha leanaí agus daoine óga i gCiarraí | Deontais a riar faoin Scéim Deontais Óige Ildánach. An straitéis Comhpháirtíochta Áitiúla Óige Ildánach atá bunaithe ar thaighde mapála ar ghlórtha leanaí agus daoine óga a sheoladh. | Q1-<br>Leanúnach |
| | Leanúint ag tacú le forbairt ar fhreagairtí oibre óige atá bunaithe ar riachtanas | Straitéis Forbartha d'Obair Óige a fhorbairt; Scéimeanna obair don ógra de chuid an RCLMLÓ a riar; Seirbhísí nua spriocdhírithe UBU a fhorbairt in Uíbh Ráthach Thiar agus i gceantar tuaithe Chiarraí Thuaidh; Leanúint ag tacú leis gCreat Náisiúnta Caighdeán Cáilíochta tríd an bpróiseas deontais áitiúil. | Leanúnach |

## SPRIOC 4: Rochtain agus Dul Chun Cinn

| Tosaíocht | Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Cuspóir |
|---|---|---|---|
| 4.1 | Méadú ar bhealaí Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) | RPL nua don tionscnamh Scileanna le Dul Chun Cinn. | Leanúnach |
| 4.2 | Méadú ar na seirbhísí a chuireann Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí ar fáil | Moil Coláiste FET le bheith bunaithe agus le feidhmiú go héifeachtach; Dhá Oifigeach Rochtain agus Pathways FET a cheapadh; An Oifig Iontrála le monatóireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar shonraí an Chóras Tacaíochta Clár agus Foghlaimeora (PLSS) ar fad. | Leanúnach |
| | Tacaíochtaí a chur ar fáil chun deiseanna rochtain agus dul chun cinn a uasmhéadú | Roghanna Rochtain agus Pathways FET forbartha idir iar-bhunscoileanna agus Coláiste Chiarraí; Dhá Oifigeach Rochtain agus Pathways FET a cheapadh chuig Oifig Iontrála Choláiste Chiarraí; Leanúint le FET a bheith ar fáil ar an CAO. | Leanúnach |
| 4.3/4/4 | Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as teicneolaíocht chun dul chun cinn agus torthaí foghlaimeoirí a thraiceáil | Córas buiséid airgeadais shingil a bhunú le haghaidh íocaíochtaí foghlaimeoirí FET; Tuairiscí traiceála foghlaimeoirí curtha ar fáil go rialta le bheith athbhreithnithe ag an gComhairle um Dhearbhú Cáilíochta; Anailís á dhéanamh ar bhonn leanúnach ar thuairiscí torthaí foghlaimeoirí SOLAS. | Leanúnach |
| 4.5 | Straitéisí a chur i bhfeidhm agus acmhainní a chur ar leataobh dóibh chun a chinntiú go bhfuil croí-inniúlachtaí (scileanna litearthachta, scileanna uimhearthachta, scileanna smaointeoireachta criticiúla, scileanna digiteacha agus litearthachta ríomhairí agus scileanna gnóthaithe poist) leabaithe laistigh dár gcláir agus dár gcúrsaí uile | Tionscnaimh UDL a thosú ar fud na scéime; Straitéisí dhigiteacha scoileanna le nuashonrú de réir Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2022 de chuid na RO. Athbhreithniú leanúnach ar Phleananna Uimhearthachta agus Litearthachta. | Leanúnach |
| 4.6 | Cabhrú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna de réir mar is gá chun freastal ar na riachtanais a eascraíonn as Clár na hÉireann um Chosaint Dídeanaithe agus ar sholáthar d'iarratasóirí cosanta idirnáisiúnta | Polasaí Oideachais do Thaistealaithe tosaithe; Tacaíocht EAL a chur ar fáil do gach duine a dteastaíonn sé uathu. | Q2 - Leanúnach |

| SPRIOC 5: Comhpháirtíochtaí Táirgiúla a Fhorbairt | | | |
|---|---|---|---|
| **Tosaíocht** | **Gníomh** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Cuspóir** |
| 5.1 | Socruithe malartach maidir le taithí oibre a fhiosrú in éineacht leis an QQI mar gheall ar COVID-19 | Taithí oibre agus socrúcháin a thabhairt ar ais do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí. | Leanúnach |
| 5.2 | Cinntiú go gcloítear le dátaí aighneachtaí reachtacha/spriocdhátaí tuairiscithe | Cloí le spriocdhátaí tuairisciú atá leagtha síos ag an Roinn ábhartha/SOLAS. | Leanúnach |
| 5.3 | Rannpháirtíocht agus comhairliúchán leanúnach leis na cumainn ábhartha | Trí chruinniú foirmiúil ar a laghad leis na ceardchumainn ábhartha. | Leanúnach |
| 5.4 | Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar shocruithe le tríú páirtithe | Nuashonrú le déanamh ar shocruithe tríú páirtí de réir mar is ábhartha. | Leanúnach |
| 5.5 | Leanúint le leabú córais nua UBU Do Áit Do Spás | Aontú ar thosaíochtaí do 2022; Cruinnithe athbhreithnithe/feidhmíochta le bheith ar siúl le seirbhísí maoinithe ógra gach ráithe. | Leanúnach |
| | Tuilleadh rannpháirtíocht leis an RLCMLÓ maidir le Láithreáin Úrnua | Seirbhís nua a thosú i gceantair tuaithe Chiarraí Thuaidh. | Q1 - Leanúnach |
| 5.6 | Rannpháirtíocht Leanúnach le Léargas | Scaipeadh ar ócáidí/ceardlanna ábhartha náisiúnta Léargas. | Leanúnach |
| 5.7 | Leanúint ag obair i gcomhar le Páirtíocht Spóirt agus Áineasa Chiarraí | Athbhreithniú ar imeascadh mic léinn isteach sna clubanna spóirt áitiúil a chur i gcrích. | Q3 |
| 5.8 | Leanúint le rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear tionscail chruthaitheachta, forais ealaíne agus maoinithe, tríd an gComhpháirtíocht Áitiúil Óige Ildánach agus Music Generation | Cruinnithe gach ráithe de Choiste Stiúrtha an LCYP; Cúig chruinniú Alt 44 Music Generation le tarlú | Leanúnach |
| | Leanúint le taighde chruthaitheach agus cleachtadh mapála ar ghlór an óige | Cuirfidh torthaí na taighde béim ar topaicí cruthaitheachta a bhfuil spéis ag daoine óga iontu agus cuirfidh sé an LCYP agus an tseirbhís pleanála óige ar an eolas fúthu. | Leanúnach |
| | Leanúint le soláthar de chláir oideachais ceoil d'ardchaighdeán ar fud an chontae | Tuairisc Creat Cáilíochta Music Generation a chur i gcrích;<br>Tá teacht ag ceoltóirí agus oideoirí Music Generation Kerry ar National Development Office Communities of Practice agus ar dheiseanna oiliúna saincheaptha eile. | Leanúnach |
| 5.9 | Méadú ar rannpháirtíocht fostóirí agus scileanna chun soláthar a chur chun cinn | Aonad Tacaíochta Gnó Choláiste Chiarraí le tosú ar cur oiliúint ar fáil trí thionscnaimh éagsúla lena n-áirítear na Scileanna Chun Dul Chun Cinn a Dhéanamh agus an Clár Explore. | Leanúnach |
| 5.10 | Leanúint le ballraíocht den Choiste Forbartha Áitiúil, den Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta agus den Chlár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhaíochtú Pobail | Freastal ar chruinnithe go rialta. | Leanúnach |

## SPRIOC 6: Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

| Tosaíocht | Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Cuspóir |
|---|---|---|---|
| 6.1 | Rannpháirtíocht agus gníomhú an mhic léinn/fhoghlaimeora a chinntiú | Tá Fóram na Mac Léinn 2022 BOO Chiarraí le tosaíocht a thabhairt d'athrú aeráide agus caidrimh agus oideachas gnéasachta; Bíonn foghlaimeoirí páirteach ag leibhéal Boird Rialachais FET agus an Chomhairle Cáilíochta. | Leanúnach |
| 6.2 | Tacú le rannpháirtíocht tuismitheora trí Fhóram na dTuismitheoirí | Ceithre Fhóram Tuismitheoirí le bheith ar bun; Dhá ionadaí tuismitheoirí le bheith ainmnithe ar Bhord BOO. | Q1 - Leanúnach |
| 6.3/6.5/6.9 | Deiseanna cuí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara le haiseolas a thabhairt/dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara | Rannpháirtíocht leanúnach i gcruinnithe páirtithe leasmhara; Bealaí cumarsáide le fostóirí, grúpaí/eagraíochtaí ábhartha agus páirtithe leasmhara a chinntiú; Pleanáil chomhleanúnach agus seachadadh tionscnaimh a spreagadh. | Leanúnach |
| 6.4 | Dul i mbun idirphlé straitéiseach le SOLAS chun straitéisí náisiúnta agus áitiúla don bhreisoideachas agus oiliúint a chur i bhfeidhm | Spriocanna straitéiseacha nua le n-aontú le SOLAS; Torthaí príomhtháscairí rialta a thuairisciú do SOLAS; Pleanáil FET 2022 a chur i gcrích agus doiciméadú Chóras na nIarratas agus Tuairiscithe Leithdháilte Maoinithe (FARR) a chur isteach. | Q1 - Leanúnach |
| 6.6 | Leanúint lenár straitéis rannpháirtíochta fostóra a fheabhsú | Feasach áitiúil ar Aonad Tacaíochta Gnó Choláiste Chiarraí a mhéadú. | Leanúnach |
| 6.7 | Leanúint le dul i mbun idirphlé le comhlachtaí bronnta dámhachtana, DCCE ina measc, chun cur leis na deiseanna foghlama atá ar fáil dár bhfoghlaimeoirí | Leanúint le cúrsaí atá nuálach agus a bhfuil tionchar acu a chruthú agus a chur ar fáil. | Leanúnach |
| 6.8 | Forbairt Foirne | Ba chóir do bhainistíocht líne inseirbhíse dul i ngleic le riachtanais bainistíochta agus ag an am céanna a bheith ag cur le cumas ceannaireachta;<br>An fhoireann ag déanamh an FGL ábhartha laistigh de na buiséid atá ar fáil. | Leanúnach |

## SPRIOC 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht

| Tosaíocht | Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Cuspóir |
|---|---|---|---|
| 7.1 | Comhtháthú feabhsaithe trasna réimsí na dtrí cholún agus na bhfoirne bainistíochta | Fianaise ar chomhtháthú níos fearr agus ar phleanáil chomhleanúnach ar fud na gcolún. | Leanúnach |
| 7.2 | Bunú Lárionad Ceannaithe (CPU) a thabhairt chun críche | Bunú Lárionad Ceannaithe (CPU) a thabhairt chun críche, ag cur san áireamh an mhúnla athbhreithniú caiteachais leasaithe; Tuilleadh comhtháthú a fhorbairt idir dhá CPU BOO. | Leanúnach |
| | Leanúint le forbairt próisis agus feasachta cosanta sonraí i measc na foirne | Leanúint le hathbhreithniú agus cur i bhfeidhm polasaithe a bhaineann le cosaint sonraí; Ag baint úsáid as an ardán Privacy Engine (bogearra bainistithe príobháideachais sonraí) ar fud na scéime. | Leanúnach |
| 7.3 | Comhtháthú an Phárolla Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) | Próisis nua pá le bheith doiciméadaithe agus nuashonraithe mar is gá; Lámhleabhar nua Acmhainní Daonna a fhorbairt agus a fhoilsiú. | Leanúnach |
| | Plean Corparáideach Soláthair 2022/23 a fhorbairt | Plean Corparáideach Soláthair le bheith faofa ag Bord BOO. | Leanúnach |

| SPRIOC 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht | | | |
|---|---|---|---|
| **Tosaíocht** | **Gníomh** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Cuspóir** |
| 7.4 | Leanúint le forbairt agus feabhas a chur ar ár gcumais agus ar ár n-inniúlachtaí ceannaireachta | Cur i bhfeidhm iomlán an Phainéil Iniúchóirí Sócmhainní Seasta;<br>An próiseas chun an TFC DPER CL 2016 a chur i gcrích a leasú;<br>Ag leanúint le cur i bhfeidhm oiliúint ceannaireachta agus ardbhainistíochta;<br>Clár Tionscnamh Éiteas ar fud an tsoláthair iar-bhunscoile. | Leanúnach |
| 7.5 | Córais nua a leabú chun feabhas a chur ar chumas bainistíochta | Ba chóir córais nua airgeadais a chur in áit na bpróiseas airgeadais le lámh a bhí ann; Córais do bhainistiú conarthaí agus taisteal agus cothaithe a chur i bhfeidhm. | Q1 - Leanúnach |
| 7.6 | Feabhas a chur ar chaighdeán an eolais bainistíochta atá ar fáil chun cur leis an gcaighdeán pleanála agus cinnteoireachta | Tá lánbhuntáiste bainte as an gcódú nua a tugadh isteach leis an gcóras airgeadais SUN le tuarascálacha airgeadais agus gníomhaíochta a chur ar fáil;<br>Úsáidtear na tuarascálacha a chuireann an córas ceannaithe P2P nua ar fáil i gcinnteoireacht. | Q2 - Leanúnach |
| | Tuilleadh forbartha ar Rialuithe Inmheánacha agus ar an gCreat Tástála Comhlíontach i réimsí iomadúla | Athbhreithniú bliantúil ar Rialuithe inmheánacha curtha i gcrích;<br>Oiliúint curtha ar fáil do gach bainisteoir líne;<br>Creat comhlíontacha a fhorbairt le haghaidh Oiliúint ar Conradh, CPU, Cuntais Iníoctha agus an tAonad Dearbhaithe Cáilíochta | Leanúnach |
| | Córas freastail foghlaimeora aonair lárnach a fhorbairt agus aistriú go hiomlán chuig córas íocaíochta foghlaimeora lárnach do gach soláthar FET | Córas buiséid airgeadais amháin a bhunú le haghaidh íocaíochtaí foghlaimeora FET. | Leanúnach |
| | Plean Leanúnachais Gnó TFC agus Athshlánú ó Thubaiste forbartha | Pleananna Leanúnachais Gnó TFC agus Athshlánú ó Thubaiste forbartha;<br>Na baill foirne ábhartha traenáilte chun na pleananna a chur i bhfeidhm. | Q2 - Q3 |
| 7.7 | Rialachas Corparáideach - tuiscint shoiléir ar riachtanais CL0002/2019 a leabú | Tuarascáil feidhmiúcháin rialachais le cur os comhair gach cruinniú Boird BOO a théann i ngleic le prionsabail agus dearbhaithe an chóid;<br>Ionduchtú ar rialachas curtha ar fáil do chomhaltaí boird nua;<br>Béim a chur in athuair ar an riachtanas do rúnaithe/comhaltaí freastal ar gach cruinniú;<br>Scaipeadh leanúnach ar phrionsabail an chóid iompraíochta. | Q1 – Leanúnach |
| 7.7/7.8/ 2.10 | Creat Folláine a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i scoileanna | Creat/Polasaí Folláine Scoileanna a chur i gcrích. | Q1 – Leanúnach |

| SPRIOC 8: Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid | | | |
|---|---|---|---|
| **Tosaíocht** | **Gníomh** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Cuspóir** |
| 8.1/8.2/8.3 | Branda BOO Chiarraí a fhorbairt agus straitéis margaíochta a chur i bhfeidhm don eagraíocht ar fad | Straitéis Margaíochta a fhorbairt;<br>Feabhas a chur ar scaipeadh eolais chuig páirtithe leasmhara/an pobal i gcoitinne;<br>Oifigeach Cumarsáide nua a cheapadh. | Q3 - Leanúnach |
| 8.4 | Scéim Teanga BOO Chiarraí a chur i bhfeidhm | Cur i bhfeidhm rathúil thuarascáil Feidhmiúcháin Bhliain 2; Plean Teanga Thrá Lí a thosú; Coiste Stiúrtha agus Plean rang Aonad a chur ar fáil i gColáiste Pobail Chill Airne do 2023; Oifigeach Gaeilge nua le ceapadh. | Leanúnach |
| | Aonad Soláthair Gaeilge nua Choláiste Chiarraí le forbairt | Cur leis an soláthar Gaeilge (11 cúrsa) a chuirtear ar fáil ar fud Choláiste Chiarraí; Seachadadh rathúil ar chúrsaí Gaeilge neamh-chreidiúnaithe d'fhoireann BOO. | Q2 - Leanúnach |
| 8.5 | Úsáid an láithreacht ar líne/meáin shóisialta a chur chun cinn go héifeachtach ar fud na scéime | Láithreán gréasáin nua Ógtheagmháil a sheoladh; Straitéis PR do Scoileanna a fhorbairt; Próisis fheabhsaithe chun folúntais a fhógairt a chur i bhfeidhm. | Leanúnach |
| 8.6 | Aip cumarsáide scoileanna a chur i bhfeidhm | Aip cumarsáide agus VSware curtha i bhfeidhm i scoileanna chun cumarsáid éifeachtach le pobal na scoile/páirtithe leasmhara a chinntiú. | Leanúnach |
| 8.7/8.8 | Tá Grúpa Oibre Conairí Dul Chun Cinn le foilseacháin maidir le conairí dul chun cinn do mhic léinn a fhorbairt do thuismitheoirí | Leanúint le cinntiú go ndéantar scaipeadh éifeachtach ar eolas maidir le conairí dul chun cinn chuig tuismitheoirí/caomhnóirí. | Leanúnach |
| 8.9 | Athdhearadh a dhéanamh ar SharePoint Beartais inmheánach BOO Chiarraí | Athdhearadh MS Architecture a chur i gcrích;<br>Réiteach do shíniú isteach singil a chur i bhfeidhm. | Q4 |
| | Láithreán gréasáin BOO Chiarraí a nuashonrú | Iniúchadh ar an láithreán gréasáin a chur i gcrích agus gníomhú go rathúil ar na moltaí | Q4 |
| | Aip ionadaíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | Aip forbartha agus úsáidte ag príomhoidí agus múinteoirí chun corrfholúntais a líonadh agus cur isteach orthu. | Q2 - Leanúnach |

| SPRIOC 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhsú | | | |
|---|---|---|---|
| **Tosaíocht** | **Gníomh** | **Táscaire Feidhmíochta** | **Cuspóir** |
| 9.1 | An Punann Caipitil agus Foirgnimh a chur chun cinn (SYM) | Ba chóir na tionscadail chaipitiúla cineachta ar fad a bheith ag dul chun cinn (Coláiste na Ríochta, Gaelcholáiste Chiarraí, Scoil Náisiúnta Lios Teilic, síneadh le scoileanna, cóiríocht na príomhoifige etc.) | Leanúnach |
| | Feabhas a chur ar thimpeallacht oibre na foirne | Leanúint le cur chun cinn an Chláir Cúnaimh d'Fhostaithe; Ba chóir aon leasaithe ar na Cairteanna Dínite agus Seirbhís do Chustaiméirí a scaipeadh ar an bhfoireann agus ar pháirtithe leasmhara. | Q3 - Leanúnach |
| | Athbhreithniú a dhéanamh ar thaifid pinsin stairiúil na foirne agus iad a uaslódáil chuig an gcóras Core Portal | Is féidir le formhór den fhoireann dul isteach sa mhodúl ar phinsin sa Core Portal chun a gcuid sochair scoir a thuar. | Leanúnach |
| | Leanúint le comhdú digiteach ar Chomhaid Acmhainní Daonna a chur i bhfeidhm | Ríomhchomhaid i bhfeidhm do gach ball foirne a ceapadh in 2022 agus dul chun cinn déanta maidir le comhaid do bhaill foirne a ceapadh roimh Mheitheamh 2021; Rochtain chuig taifid foirne le feabhas a chur ar agaí freagartha. | Leanúnach |
| 9.2 | Na córais nua Purchase 2 Pay (P2P) agus Sun Financial a leabú | Ba chóir na córais nua airgeadais a chur in áit na bpróiseas airgeadais le lámh a bhí ann; An leibhéal neamhchomhlíonadh sa réimse soláthair le laghdú go suntasach; Méadú suntasach sa líon Creataí/ Conarthaí d'Earraí agus Seirbhísí a bunaíodh don scéim. | Q1 - Leanúnach |
| 9.3 | Rannpháirtíocht leanúnach leis an mbainistíocht chun riachtanais oiliúna a aithint | Ba chóir d'inseirbhís i mbainistíocht líne dul i ngleic le riachtanais na bainistíochta agus a bheith ag forbairt cumas ceannaireachta ag an am céanna. | Q3 |
| 9.4/9.7 | Cultúr foghlama ar feadh an tsaoil a chothú laistigh den timpeallacht oibre | An fhoireann ag déanamh an FGL ábhartha laistigh de na buiséid atá ar fáil. | Leanúnach |
| 9.5 | Leanúint le cláir agus raon straitéisí coisctheacha agus réamhghníomhacha a fhorbairt chun meabhairshláinte dhearfach a chothú i measc mic léinn, foghlaimeoirí agus baill foirne | Ba chóir go gcinnteodh conradh nua do sheirbhísí comhairleoireachta go gcoinneofar tacaíochtaí ar fud na scéime; Ba chóir go rachaidh an raon iomlán de sheirbhísí tacaíochta atá ar fáil i ngleic le cúiseanna imní meabhairshláinte mac léinn/foghlaimeoirí; Ba chóir Polasaí Folláine Scoileanna a fhorbairt i gcomhairle le pobail chleachtais OSPS agus Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta. | Leanúnach |
| 9.6 | Leanúint le dea chleachtais sláinte agus sábháilte a leabú ar fud na scéime | Ba chóir go gcinnteodh an conradh nua sláinte agus sábháilteachta go leanfar ag cloí le cleachtais sláinte agus sábháilteachta. Rachaidh cruinnithe athbhreithnithe ráithiúla na stiúrthóireachta sláinte agus sábháilteachta i ngleic go sciobtha le gach ní a thagann aníos faoi gach colún. | Leanúnach |
| 9.10 | Féach 9.1 agus 9.9 | | |
| 9.11 | Punann Caipitil agus Foirgnimh (FET) a chur chun cinn | Ba chóir do na tionscadail chaipitil FET ar fad a bheith ag dul chun cinn, go háirithe:<br>• Oibreacha/feistiú ar Champas Lios Tuathail Choláiste Chiarraí<br>• Iarratas caipitil SOLAS do Champas Chill Airne agus Campas Mhóin an Bhaile Choláiste Chiarraí<br>• Oibreacha tógála ar fud ionaid FET | Leanúnach |

# 4. Meastóireacht ar Sheirbhísí Neamhlárnacha – CL0003/2019

Leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 leagtar amach gníomhaíochtaí sonracha nach féidir tabhairt fúthu gan cead ón Aire Oideachais (e.g. talamh a cheannach, iasacht a fháil). Mar sin caithfidh na BOO cead a fháil i scríbhinn, roimh ré, ón Roinn sula gcuireann siad aon chlár nó gníomhaíocht nua ar fáil:

(a) Nach bhfuil mar cheann dá chuid seirbhísí lárnacha (i.e. soláthar oideachas bunscoile, iar-bhunscoile, cúrsa iar-Ardteistiméireachta agus breisoideachas), nó

(b) Go mbraitheann siad go bhfuil sé laistigh dá gcuid seirbhísí lárnacha, nó bainteach lena seirbhísí lárnacha, ach nach bhfuil sé bunaithe nó maoinithe ag an Roinn cheana féin.

De réir fhorálacha Imlitir 0003/2019, ba chóir do BOO Chiarraí measúnú a dhéanamh ar na seirbhísí neamhlárnacha atá ann cheana féin agus seo a chur in iúl don bhord agus don Roinn tríd an bPlean Seirbhíse ar bhonn bliantúil.

**Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach**

| Líon Clár Atá Seachadta[4] | Rannpháirtith |
|---|---|
| 23 | 809 |

Tugann na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach tús áite do chearta leanaí agus daoine óga ról cinnteoireachta a imirt maidir lena rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha. Baintear é seo amach trí dhul i gcomhairle le daoine óga agus éisteacht leo agus/nó oiliúint a chur ar fáil i bhforbairt ghlór an óige ag leibhéal pobail.

Feidhmíonn an tionscnamh seo bunaithe ar mhaoiniú bliantúil a fhaigheann siad ón Roinn Oideachais agus an Clár Éire Ildánach, agus cuireann siad tuairisc ar fáil dóibh seo gach ráithe. In 2021, fuair an clár maoiniú spreagthach breise 50,000, a lig dóibh seachadadh níos leithne a dhéanamh agus feabhas a chur ar ábhar an chláir.

**Music Generation Kerry**

| Líon Clár Atá Seachadta[5] | Participants |
|---|---|
| 31 | 1,953 |

Cuireann Music Generation Kerry deiseanna oideachais i dtaibhiú agus i gceol ar fáil do na céadta leanaí agus daoine óga ar fud an chontae agus déantar é seo trí mheascán de chláir ar líne agus gnáthranganna, sa scoil agus tar éis na scoile. Tacaíonn scéim iasachta uirlisí leis an tionscadal seo le 400+ uirlis agus trealamh ceoil ar fáil trí Leabharlann Chontae Chiarraí do mhic léinn rannpháirteacha.

Feidhmíonn Music Generation Kerry ar mhúnla comhoiriúnaithe maoinithe 75:100 agus baineann siad tairbhe as tacaíocht ó chomhpháirtithe áitiúla. Déantar Tuairisciú Airgeadais trí thuairiscí a chur isteach gach ráithe, agus bíonn tuairisc iomlán airgeadais don bhliain fhéilire roimhe ag teastáil i mí Feabhra.

[4]Briseadh síos ar chláir atá seachadta mar seo a leanas: Seachadadh díreach agus Comhoibrithe/Teagascóirí (14) Deontais chuig Tríú Páirtithe (6).

[5] I measc na gcláir atá seachadta tá: Cláir Bunscoile (Ucailéile, Traidisiúnta, Luathbhlianta), Iar-Bhunscoile (Teicneolaíocht Ceoil agus Cumadóireacht Amhrán Ar Líne), Iarscoile, (Ucailéile, Giotár, Gutha, Méarchláir, Drumaí, Traidisiúnta), Campa Samhraidh MTU, Dianchúrsa Ucailéile, Dianchúrsa Cruthú Ceoil, Cumadh Amhrán, Taibhithe Cóir agus Gutha.

# 5. Ráiteas Inghlacthachta Riosca BOO Chiarraí

Sa ráiteas inghlacthachta riosca seo, sainítear an méid riosca atáimid toilteanach tabhairt faoi, a lorg, glacadh leis nó cur suas leis agus sinn ag tabhairt faoinár misean agus tosaíochtaí. Agus aitheantas á thabhairt do chineál agus éagsúlacht ghníomhaíochtaí BOO Chiarraí, leagtar amach go léaráideach sa tábla a leanas an inghlacthacht riosca na heagraíochta ar fud na bpríomhchatagóirí riosca.

Ar an 15 Eanáir 2022, ghlac Bord BOO Chiarraí leis an Ráiteas Inghlacthachta Riosca do 2022.

| | Riosca Do-ghlactha | | | | | | | | | Toilteanas níos airde i leith rioscaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Catagóir Gníomhaíocht/Riosca** | **1** | **2** | **3** | **4** | **5** | **6** | **7** | **8** | **9** | **10** |
| **Airgeadas** | | | | | | | | | | |
| **Straitéiseach** | | | | | | | | | | |
| **Oibriúchán** | | | | | | | | | | |
| **Teicneolaíoch** | | | | | | | | | | |
| **Cáil** | | | | | | | | | | |
| **Comhlíonadh** | | | | | | | | | | |
| **Timpeallacht** | | | | | | | | | | |

# Aguisín I: Ráiteas Straitéise BOO Chiarraí 2018–2022

## Sprioc 1: Cláir a bhfuil Aitheantas agus Dearbhú Cáilíochta acu go Náisiúnta agus go hIdirnáisiúnta

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar na cláir agus na cúrsaí oideachais agus oiliúna a thairgímid faoi láthair chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí agus go bhfuil siad aitheanta ar leibhéal idirnáisiúnta.
2. Leanúint lena chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta agus próisis atá cuí maidir le pleanáil scoile agus le féinmheastóireacht scoile i bhfeidhm i ngach ceann de na hiar-bhunscoileanna faoinár gcoimirce.
3. Leanúint ar aghaidh ag tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm éifeachtach an Chreata um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta d'Obair don Óige.
4. A chinntiú go gcuirtear nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta i bhfeidhm go comhsheasmhach i ngach ceann dár gcláir oideachais agus oiliúna ar gach leibhéal.
5. Leanúint ar aghaidh ag ullmhú ár scoileanna/ár gcoláistí/ár n-ionad le haghaidh cigireachtaí seachtracha, cuairteanna comhairleacha agus cuairteanna monatóireachta dearbhaithe cáilíochta agus a chinntiú go gcuirtear moltaí/torthaí na gcigireachtaí/na gcuairteanna sin i bhfeidhm go héifeachtach.

## Sprioc 2: Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán

1. Straitéisí dearbhaithe cáilíochta um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a fhorbairt do gach duine a bhfuil ról acu i gcláir a sholáthar, agus tacú leis na straitéisí sin.
2. Tacaíocht agus acmhainní a chur ar fáil do chleachtais teagaisc agus foghlama atá ionchuimsitheach/difreáilte inár gcuid scoileanna/coláistí/ionaid/cláir uile.
3. Tacú le forbairt iomlánaíoch mac léinn agus foghlaimeoirí trí chorpoideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar gach leibhéal, i.e. i mbunscoileanna, in iar-bhunscoileanna agus sa bhreisoideachas agus oiliúint.
4. Cultúr nuálaíochta agus cleachtais athmhachnamhaigh a chothú, lena n-áirítear líonraí foghlama agus pobail chleachtais a fhorbairt agus an dea-chleachtas a chomhroinnt.
5. Teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chomhtháthú chun caighdeán an teagaisc agus na foghlama a fheabhsú.
6. Deiseanna a chruthú do mhic léinn/d'fhoghlaimeoirí chun a bhfoghlaim a phleanáil agus a athbhreithniú go gníomhach.
7. Cultúr a chruthú ina ndéantar ceiliúradh ar barrfheabhais agus éachtaí foghlaimeoirí agus baill foirne araon.
8. Cineálacha difriúla cur chuige a chur i bhfeidhm i leith forbairt curaclaim agus clár, a chuirfidh béim ar an ábhar a oiriúnú do riachtanais foghlaimeoirí, fostaithe, pobail agus do phríomhthosaíochtaí scileanna réigiúnacha.
9. A chinntiú go bhfuil gach mac léinn agus foghlaimeoir de chuid BOO Chiarraí in ann foghlaim i dtimpeallacht foghlama atá sábháilte agus nua-aimseartha.
10. Cloí le treoirlínte folláine náisiúnta agus iad a chur chun cinn, agus a chinntiú go dtugtar tacaíocht leordhóthanach do dhaltaí, do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí.

## Sprioc 3: Freagairtí Nuálacha Oideachais agus Oiliúna

1. Freagairt go leanúnach d'athruithe ar an déimeagrafaic i gCiarraí agus ár soláthar seirbhíse a phleanáil dá réir sin, nuair is féidir.
2. Freagairt go héifeachtach do riachtanais fostóirí agus an gheilleagair trí réitigh nuálacha agus cruthaitheacha.
3. Cur leis an inniúlacht atá againn freagairt do na dúshláin atá ann i sochaí ilchultúrtha.
4. Leanúint le freagairtí a athnuachan agus le cinn nua a fhorbairt chun rannpháirtíocht a mhéadú i ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna.
5. Úsáid deiseanna foghlama solúbtha a chur chun cinn, lena n-áirítear foghlaim ar líne, foghlaim chumaisc, foghlaim de réir seimeastair agus soláthar clár oíche.
6. I gcomhpháirtíocht le SOLAS, agus de réir na Straitéise Breisoideachais agus Oiliúna 2014-2019, cláir oideachais agus oiliúna a shainaithint agus a chur ar fáil chun daoine óga agus aosaigh a ullmhú do dhul chun cinn agus do dheiseanna fostaíochta amach anseo.
7. Straitéisí a spreagadh a bhfuil mar aidhm leo dul i ngleic leis na dúshláin is gá do mhic léinn a shárú agus iad ag aistriú ónár gcóras bunscoile chuig ár gcuid iar-bhunscoileanna agus coláistí, agus acmhainní a chur ar fáil le haghaidh fhorbairt na straitéisí sin.
8. Leanúint le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt freagairtí atá bunaithe ar riachtanais maidir le hobair don óige i gCiarraí.

## Sprioc 4: Rochtain agus Dul Chun Cinn

1. Réamhfhoghlaim a aithint i gcomhréir le treoirlínte náisiúnta chun rochtain a éascú ar chláir oideachais agus oiliúna.
2. Tacaíocht oideachais agus ghairmthreorach a thabhairt d'fhoghlaimeoirí chun rochtain agus deiseanna dul chun cinn a uasmhéadú.
3. Ár straitéisí rollaithe foghlaimeoirí a fheabhsú laistigh de FET chun socrúcháin foghlaimeoirí, rannpháirtíocht agus coinneáil inár gcláir a uasmhéadú.
4. Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an teicneolaíocht chun dul chun cinn agus torthaí foghlaimeoirí a rianú.
5. Straitéisí a chur i bhfeidhm agus acmhainní a chur ar leataobh dóibh chun a chinntiú go bhfuil croí-inniúlachtaí (scileanna litearthachta, scileanna uimhearthachta, scileanna smaointeoireachta criticiúla, scileanna digiteacha agus litearthachta ríomhairí agus scileanna gnóthaithe poist) leabaithe laistigh dár gcláir agus dár gcúrsaí uile.
6. Sraith tacaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhoghlaimeoirí, lena n-áirítear tacaí míchumais, socrúcháin agus atreoraithe chuig gníomhaireachtaí eile, chun dul i ngleic le bacainní ar rannpháirtíocht, ar choinneáil agus ar dhul chun cinn.

## Sprioc 5: Comhpháirtíochtaí Táirgiúla a Fhorbairt

1. Leanúint le caidreamh éifeachtach a fhorbairt le comhlachtaí fostóirí, le ceardchumainn agus le heagraíochtaí ábhartha eile chun taithí oibre agus socrúcháin oibre ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár mic léinn agus dár bhfoghlaimeoirí.
2. Leanúint le hobair i ndlúthchomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUSLA, le SOLAS, le DCCE agus le BOO Éireann.
3. Leanúint ar aghaidh ag obair i ndlúthchomhpháirt le ceardchumainn ábhartha chun feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthraímid.
4. Leanúint leis na próisis chomhpháirtíochta, na prótacail chomhpháirtíochta agus na nósanna imeachta comhpháirtíochta atá ar bun againn a athbhreithniú agus a leasú nuair is cuí.
5. Caidreamh nua a fhorbairt le comhlachtaí reachtúla ábhartha eile, le heagraíochtaí deonacha don óige agus le heagraíochtaí pobail, agus an caidreamh láidir atá againn leosan cheana féin a chothú, chun feabhas a chur ar na seirbhísí a sholáthraímid don óige.
6. Cláir de chuid an Aontais Eorpaigh a úsáid chun caidreamh le gníomhaireachtaí agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta ábhartha a fhorbairt.
7. Oibriú i gcomhar le Comhpháirtíocht Áineasa agus Spóirt Chiarraí chun rannpháirtíocht a mhéadú i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil.
8. Obair i gcomhpháirt le comhlachtaí ábhartha Ealaíon chun na healaíona san oideachas a chur chun cinn.
9. Naisc a fhorbairt le fostóirí chun a chinntiú go bhfreagraítear go héifeachtach dá riachtanais i ngeilleagar a bhíonn ag athrú.
10. Obair i ndlúthchomhpháirt leis an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil chun a chinntiú go nglactar cur chuige níos comhcheangailte i leith cláir forbartha áitiúla agus pobail a chur i bhfeidhm.

## Sprioc 6 :Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara

1. Comhairlí mac léinn a athbhreithniú agus a fheabhsú inár gcuid scoileanna, coláistí agus ionaid uile.
2. Comhairlí tuismitheoirí a athbhreithniú agus a fheabhsú inár gcuid scoileanna, coláistí agus ionaid uile.
3. Leanúint le meicníochtaí comhairliúcháin shaincheaptha agus ionchuimsitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme lenár bpáirtithe leasmhara uile.
4. Dul i mbun idirphlé straitéiseach le SOLAS chun straitéisí náisiúnta agus áitiúla a chur i bhfeidhm don bhreisoideachas agus oiliúint.
5. Leanúint le húsáid a bhaint as an aiseolas ó pháirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoi na cineálacha seirbhísí a chuirimid ar fáil agus chun an soláthar reatha a fheabhsú.
6. Leanúint lenár straitéis rannpháirtíochta fostóirí a fheabhsú chun riachtanais fostóirí a ailíniú ar bhealach níos éifeachtaí lenár straitéisí forbartha scileanna.
7. Leanúint le dul i mbun idirphlé le comhlachtaí bronnta dámhachtana, DCCE ina measc, chun cur leis na deiseanna foghlama atá ar fáil dár bhfoghlaimeoirí.
8. Dul i dteagmháil go héifeachtach lenár bhfoireann chun cáilíocht seirbhíse a fheabhsú, chun inniúlacht agus acmhainn a fhorbairt agus chun barr feabhais a bhaint amach sa chaoi a mbainistímid daoine.
9. Ár ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a thomhas chun pleanáil agus seachadadh comhcheangailte clár agus seirbhísí a spreagadh chun freastal ar riachtanais i gCiarraí.

## Sprioc 7: Éifeachtacht agus Cuntasacht i Rialachas agus i gCeannaireacht

1. Athbhreithniú a dhéanamh ar chumarsáid inmheánach reatha agus straitéis chumarsáide soiléir inmheánach a chuireann ár spriocanna straitéiseacha in iúl a bheachtú agus a fhorbairt, struchtúir na heagraíochta a shoiléiriú, róil agus freagrachtaí ag gach leibhéal agus a tharraingíonn aird ar na próisis chinnteoireachta.
2. Athbhreithniú a dhéanamh agus feabhas a chur ar struchtúir agus próisis le cur le héifeachtacht na heagraíochta agus chomh maith agus a dhéanaimid cumarsáid leis na páirtithe leasmhara ar fad.
3. Athbhreithniú a dhéanamh agus feabhas a chur ar ár mbeartais agus cleachtais acmhainní daonna reatha le dul i ngleic le riachtanais straitéiseach BOO Chiarraí.
4. Ár bhféidearthachtaí agus ár gcumas ceannaireachta, bainistíochta agus maoirseachta a fhorbairt chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.
5. Ár n-acmhainn pleanála acmhainní agus ár n-acmhainn bainistíochta oibríochtúla a fheabhsú ar gach leibhéal den eagraíocht. Bainfimid leas as oiliúint agus as FGL agus cuirfimid struchtúir eagraíochtúla níos cuí i bhfeidhm.
6. Feabhas a chur ar ár gcórais bainistíochta faisnéise chun sonraí cruinn, ábhartha agus suas chun dáta a chur ar fáil ar fud na heagraíochta le cur le pleanáil, soláthar seirbhís agus le bheith in oiriúint lenár straitéis.
7. Leanúint le cumas comhlíontachta straitéise agus rialachais ár mbord agus na gcoistí gaolmhara a fhorbairt.
8. Cultúr foghlama leanúnaí agus cleachtais athmhachnamhaigh a chur chun cinn.

## Sprioc 8: Margaíocht, Brandáil agus Cumarsáid

1. Iniúchadh agus athbhreithniú le déanamh ar mheicníochtaí agus straitéisí cumarsáide agus caidreamh poiblí reatha BOO Chiarraí.
2. Feidhm chumarsáide tiomnaithe a bhunú laistigh de BOO Chiarraí chun cumarsáid inmheánach agus seachtrach a fheabhsú.
3. Straitéis mhargaíochta agus caidrimh phoiblí a fhorbairt do BOO Chiarraí chun fógraíocht, brandáil agus earcaíocht foghlaimeoirí a fheabhsú.
4. Scéim Teanga BOO Chiarraí a chur i bhfeidhm.
5. Straitéis a fhorbairt le haghaidh úsáid níos éifeachtaí a bhaint as teicneolaíocht na meán sóisialta ar mhaithe leis an eagraíocht a bhrandáil agus a chur chun cinn.
6. Aip chuimsitheach do BOO Chiarraí a fhorbairt a fhéadfaidh daoine laistigh agus lasmuigh den eagraíocht a úsáid.
7. An raon leathan roghanna dul chun cinn atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí trí chláir BOO Chiarraí a leagan amach.
8. Foilseacháin chuí a fhorbairt agus a ullmhú do mhic léinn agus do thuismitheoirí i bhformáidí inrochtana éagsúla, ar foilseacháin iad ina míneofar an córas dámhachtana, an comhlacht bronnta dámhachtana, an measúnú a dhéanfar chun an dámhachtain a bhaint amach agus na roghanna dul chun cinn a bhaineann leis an dámhachtain.
9. An cur chuige foriomlán cumarsáide inmheánach agus seachtrach a fheabhsú.

## Sprioc 9: An Timpeallacht Oibre agus Foghlama a Fheabhs

1. Creidiúnú Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe a bhaint amach ar fud na heagraíochta.
2. Athbhreithniú eagraíochta a dhéanamh le béim ar bheartais, struchtúir agus róil lena chinntiú go bhfuil siad in oiriúint do straitéis oideachais agus oiliúna BOO Chiarraí.
3. Leanúint le cláir shonracha oiliúna agus forbartha a cheapadh agus a sholáthar chun freastal ar na riachtanais a shainaithnítear tríd an bpróiseas bainistíochta feidhmíochta.
4. Leanúint le tacaíocht a thabhairt don scéim leasa foirne agus do dheiseanna forbartha gairme agus aistrithe poist.
5. Leanúint le cláir agus raon straitéisí coisctheacha agus réamhghníomhacha a fhorbairt chun meabhairshláinte dhearfach a chothú i measc mac léinn, foghlaimeoirí agus ball foirne.
6. Feabhas a chur ar úsáid a gcuid saoráidí agus leas iomlán a fháil astu, agus iniúchtaí sláinte agus sábháilteachta rialta a dhéanamh chun caighdeán na dtimpeallachtaí foghlama agus oibre a uasmhéadú
7. Cláir agus acmhainní a fhorbairt chun tacú le cláir Forbartha Gairmiúla Leanúnaí.
8. A chinntiú, de réir na n-acmhainní atá ar fáil, go bhfuil gach ceann dár bhfoirgnimh oiriúnach do na seirbhísí a chuirtear ar fáil iontu.
9. Tús áite a thabhairt do thionscadail chaipitil/ tógála a thacóidh le Cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a chomhtháthú tuilleadh.

# Aguisín II: Liosta Figiúirí agus Aguisíní

Figiúr 1: Léarscáil Gheografach BOO Chiarraí
Figiúr 2: Bunluachanna BOO Chiarraí
Figiúr 3: Struchtúr Eagraíochta
Figiúr 4: Creat Tuairiscithe Straitéiseach
Figiúr 5: Dréacht-thuairisc Feidhmiúcháin

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| I&R | Iniúchadh agus Riosca |
| CAO | Lár-Oifig Iontrála |
| CL | Imlitir |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| RLCMLÓ | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh |
| RO | An Roinn Oideachais |
| RCPAC | An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe |
| FSSF | Forbairt Scoileanna Saibhriú Foghlama |
| BCTE | Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| SGCO | Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais |
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| FET | Breisoideachas & Oiliúint |
| AD | Acmhainní Daonna |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| CAOI | Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach |
| INOOA | An tIonad Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna Allamuigh |
| T&FE | Tacaíocht & Forbairt Eagraíochta |
| CTFC | An Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí Cláir |
| DC | Dearbhú Cáilíochta |
| DCCE | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| RFA | Réamhfhoghlaim Aitheanta |
| RSO | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| CALS | Comhaontú Leibhéil Seirbhíse |
| CRS | Cúntóir Riachtanais Speisialta |
| FCT | Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta |
| UDL | Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim |
| CGO | Coiste Gairmoideachais |
| SDGT | Scéim Deiseanna Gairmtheagaisc |

# Aguisín III: Admhálacha agus Caiteachas Réamh-mheasta

| | | |
|---|---|---|
| **Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí** | | |
| **Admhálacha agus Caiteachas Réamh-mheasta** | | |
| | | |
| | **An Bhliain dar Chríoch 31.12.2021** | **An Bhliain dar Chríoch 31.12.2021** |
| | **(Meastachán)** | **(Réamhiniúchadh)** |
| | **Iomlán** | **Iomlán** |
| **ADMHÁLACHA** | € | € |
| Deontais Scoileanna & na Ceannoifige | €28,000,433 | €28,279,700 |
| Deontais Bunscoileanna | €108,042 | €137,783 |
| Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna | €42,033,805 | €37,272,097 |
| Deontais Seirbhísí Óige | €1,080,648 | €866,945 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féin-mhaoinithe | €1,600,000 | €1,711,537 |
| Caipiteal | €9,627,023 | €18,788,360 |
| | **€82,449,951** | **€87,056,422** |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | | |
| Scoileanna & an Cheannoifig | €28,232,790 | €27,971,218 |
| Bunscoileanna | €140,000 | €154,696 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | €42,033,805 | €37,575,380 |
| Seirbhísí Óige | €1,080,648 | €889,050 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féin-mhaoinithe | €1,600,000 | €1,420,390 |
| Caipiteal | €19,913,643 | €8,503,709 |
| | **€93,000,886** | **€76,514,443** |
| **Barrachas/(Easnamh) Airgid don Tréimhse** | -€10,550,935 | €10,541,979 |

| Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Íocaíochtaí Scoileanna agus na Ceannoifige** | | | | | |
| | | | | | |
| | | **An Bhliain dar Chríoch 31.12.2021** | | **An Bhliain dar Chríoch 31.12.2021** | |
| | | **(Meastachán)** | | **(Réamhiniúchad h)** | |
| | | **Iomlán** | | **Iomlán** | |
| **Íocaíochtaí Scoileanna agus na Ceannoifige** | | € | | € | |
| **ÍOCAÍOCHT** | | | | | |
| Teagasc | | €22,416,482 | | €21,839,767 | |
| Riarachán | | €2,328,957 | | €2,340,870 | |
| Cothabháil | | €606,629 | | €606,313 | |
| | | **€25,352,068** | | **€24,786,950** | |
| **NEAMHÍOCAÍOCHT** | | | | | |
| Teagasc | | €41,500 | | €41,376 | |
| Riarachán | | €711,500 | | €711,243 | |
| Cothabháil | | €824,553 | | €824,126 | |
| | | **€1,577,553** | | **€1,576,745** | |
| **CLÁIR GHAOLMHARA** | | | | | |
| Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoile | | €287,348 | | €292,104 | |
| Deontas DEIS agus Teagmhálaí Baile agus Scoile (Clár Samhraidh san áireamh) | | €79,500 | | €112,597 | |
| Deontas Leabhar | | €91,461 | | €52,084 | |
| Clár Scoileanna an Teastais Shóisearaigh | | €17,160 | | €23,483 | |
| An Idirbhliain | | €21,185 | | €14,058 | |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | | €9,966 | | €4,346 | |
| Caipitíocht Taistealaithe | | €15,000 | | €19,901 | |
| Deontas Rang Speisialta | | €402 | | €110 | |
| Fisic, Ceimic, agus Eolaíocht | | €2,171 | | €2,498 | |
| Bonneagar TFC | | €155,706 | | €211,916 | |
| Deontas trealamh riachtanais speisialta ceadaithe ag an ROS | | €11,500 | | €11,127 | |
| Clár Óige Ildánach | | €130,000 | | €202,251 | |
| Tionlacaí Bus | | €40,000 | | €35,511 | |
| Deontais Thacaíochta Covid 19 | | €441,770 | | €481,358 | |
| Tionscnamh Seirbhísí Roinnte RO/ESBS | | €0 | | €144,179 | |
| | | **€1,303,169** | | **€1,607,523** | |
| | | | | | |
| | | **€28,232,790** | | **€27,971,218** | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Bunscoil** | | | | | |
| Caipitíocht/Coimhdeach/TFC/Tacaíochtaí Covid/Scéim na Leabhar/ Tastálacha Caighdeánaithe | | **€140,000** | | **€154,696** | |

| Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí | | |
|---|---|---|
| **Íocaíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna** | | |
| | | |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ BHREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA** | **An Bhliain dar Chríoch 31.12.2021** | **An Bhliain dar Chríoch 31.12.2021** |
| | **(Meastachán)** | **(Réamhiniúchadh)** |
| | **Iomlán** | **Iomlán** |
| **Breis Oideachas** | € | € |
| SDOG | €2,028,708 | €2,388,061 |
| Ógtheagmháil | €2,409,506 | €2,323,364 |
| An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas | €814,874 | €709,209 |
| Litearthacht d'Aosaigh | €888,657 | €973,263 |
| Oideachas Pobail | €348,971 | €259,326 |
| Ag Maolú i gCoinne Míbhuntáiste Oideachasúil | €0 | €24,955 |
| Seirbhís Treorach Oideachais d'Aosaigh | €132,132 | €135,982 |
| Oidhreacht/Tacaíocht Riaracháin SOLAS/ONP/BOaO/Costais Fheidhmiúcháin | €3,036,032 | €3,006,541 |
| Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna | €1,078,168 | €1,242,119 |
| BOaO Gaeilge | €82,205 | €958 |
| Dearbhú Cáilíochta & Aonad Curaclaim | €587,996 | €702,309 |
| Scileanna d'Obair | €0 | €594 |
| Campais Choláiste Chiarraí | €10,306,670 | €5,148,143 |
| Uaireanta Comhoibrithe Maoinithe ag SOLAS | €102,478 | €143,289 |
| Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) | €69,762 | €93,660 |
| Measúnú Ceaptha go hÁitiúiL | €77,654 | €77,654 |
| | **€21,963,813** | **€17,229,427** |
| | | |
| **Oiliúint** | | |
| Soláthar Oiliúna | **€20,069,992** | **€20,345,953** |
| | | |
| | **€42,033,805** | **€37,575,380** |

| Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Íocaíochtaí do Sheirbhísí Óige** | | | | | |
| | | | | | |
| | | **Bliain dar Chríoch 31/12/2022** | | **Bliain dar Chríoch 31/12/2021** | |
| | | **(Meastachán)** | | **(Réamhiniúchadh)** | |
| | | **Iomlán** | | **Iomlán** | |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ SEIRBHÍSÍ ÓIGE** | | | | | |
| Tionscadail Speisialta don Óige / Deontas SPY/UBU Do Áit Do Spás) | | €713,441 | | €474,435 | |
| An tAcht um Obair Ógra (Plean Forbartha Obair don Ógra) | | €137,544 | | €130,299 | |
| Caipiteal d'Obair Ógra | | €0 | | €56,278 | |
| Faisnéis Ógra | | €122,126 | | €129,462 | |
| Tionscnamh Infhostaitheachta Ógra | | €40,330 | | €0 | |
| Tionscnaimh LADTI+ | | €0 | | €10,225 | |
| Scéim Miondeontais Covid 19 Ógra | | €0 | | €26,313 | |
| Deontas TFC Ógra | | €0 | | €2,000 | |
| Scéim Deontais Club Óige | | €67,207 | | €60,038 | |
| | | €1,080,648 | | €889,050 | |

| Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Clár Caipitil - Admhálacha agus Íocaíochtaí** | | | | | |
| | | | | | |
| | **Caipiteal** | | | **Bliain dar Chríoch 31/12/2022** | |
| | | | | **(Meastachán)** | |
| | | | | **Iomlán** | |
| | **Admhálacha** | | | € | |
| | An Roinn Oideachais & Scileanna | | | €8,223,508 | |
| | SOLAS | | | €1,403,515 | |
| | Eile | | | €0 | |
| | **Iomlán** | | | **€9,627,023** | |
| | | | | | |
| | **Íocaíochtaí** | | | | |
| 1 | Coláiste na Sceilge | EWS - Córais Sábháilteacht Beatha | | €200,000 | |
| 2 | Coláiste Gleann Lí | Córas Astarraingte Dusta Nua - Tógáil Seomra Staidéir | | €105,000 | |
| 3 | Coláiste Pobail Chill Airne | Úrlár Nua a chur sa Halla Spóirt | | €62,350 | |
| 4 | Coláiste Pobail Chill Airne | EWS Oibreacháin Uasghrádú Soilse | | €180,000 | |
| 5 | Coláiste Pobail Chill Airne | EWS Deisiúchán Dín | | €140,000 | |
| 6 | Coláiste Pobail Oileán Chiarraí | EWS Uasghrádú ar an Seomra Eacnamaíocht Bhaile | | €80,000 | |
| 7 | Coláiste na Ríochta | Uasghrádú Córas Teasa | | €5,250 | |
| 8 | Coláiste Pobail Chill Orglan | EWS Obair Uasghrádaithe Astarraingte Múch | | €46,000 | |
| 9 | Scoil Chuimsitheach An Tóchair | Deisiúchán Dín | | €145,000 | |
| 10 | Scoil Chuimsitheach An Tóchair | SWS Fuinneoga Nua | | €105,000 | |
| 11 | Coláiste Pobail Oileán Chiarraí | SWS Uasghrádú Soilse | | €95,000 | |
| 12 | Pobalscoil Náisiúnta an Dá Mhíle | SWS Uasghrádú Meicniúil | | €55,000 | |
| 13 | Coláiste Pobail Chill Orglan | SWS Uasghrádú ar an Seomra Eolaíochta | | €285,000 | |
| 14 | Coláiste Gleann Lí | SWS Uasghrádú ar an Seomra Eolaíochta | | €275,000 | |
| 15 | Coláiste Na Sceilge | SWS Oibreacha Dín | | €136,000 | |
| 16 | Scoil Chuimsitheach An Tóchair | Cur isteach Foirgnimh Réamhdhéanta | | €230,000 | |
| 17 | Coláiste Pobail Oileán Chiarraí | Cur isteach Foirgnimh Réamhdhéanta | | €289,000 | |
| 18 | Coláiste Pobail Chill Orglan | Cur isteach Foirgnimh Réamhdhéanta | | €230,000 | |
| 19 | Coláiste Gleann Lí | Cur isteach Foirgnimh Réamhdhéanta | | €200,000 | |
| 20 | Scoil Chuimsitheach an Tóchair | Ag cur síneadh leis an scoil | | €220,000 | |
| 21 | Coláiste Pobail Oileán Chiarraí | Ag cur síneadh leis an scoil | | €95,000 | |
| 22 | Coláiste Pobail Chill Orglan | Ag cur síneadh leis an scoil | | €95,000 | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 23 | Coláiste na Ríochta | Ag cur síneadh leis an scoil | | €95,000 | |
| 24 | Scoil Náisiúnta Naomh Oilibhéar | Ag cur síneadh leis an scoil | | €125,000 | |
| 25 | Scoil Náisiúnta Lios Teilic | Scoil Nua | | €3,000,000 | |
| 26 | Gaelcholáiste Chiarraí | Scoil Nua | | €10,000,000 | |
| 27 | Scoil Náisiúnta Chnoc na gCaiseal | Scoil Nua | | €95,000 | |
| 28 | Coláiste Pobail Chill Airne | Aonad ASD | | €700,000 | |
| 29 | Coláiste Gleann Lí | Tionscadal Scartha / SNU / EWS | | €62,043 | |
| 30 | Coláiste na Sceilge | Athsholáthar Trealaimh | | €150,000 | |
| 31 | Coláiste Pobail Oileán Chiarraí | Athsholáthar Trealaimh | | €88,000 | |
| 32 | Iar-Bhunscoileanna | Athsholáthar Trealaimh - Staidéir Thógála | | €250,000 | |
| 33 | Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Uí Chonaill | Athchóiriú ar an Ionad | | €850,000 | |
| 34 | Coláiste Chiarraí | Díon Nua Campas na Claise | | €750,000 | |
| 35 | Tech Amergin An Coireán | Síneadh | | €250,000 | |
| 36 | An Tóchar AEC | Athchóiriú ar an Ionad | | €225,000 | |
| | | | | | |
| | **Iomlán** | | | **€19,913,643** | |